Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Cor na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí
Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath

Telephone: +353-90-644 2746/2825. Fax:+353-90-647 3080. Web: www.examinations.ie. E-mail: info@examinations.ie

S06/10

Chuig: Údaráis Bhainistíochta Scoileanna Dara Leibhéal

Clár Gairme na hArdteistiméireachta *2010*

1. Socruithe Measúnachta do *2010*

Rinne an Chomhairle Náisiúnta Measúnachta agus Curaclaim athbhreithniú ar na Nascmhodúil agus ghlac an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus an NCCA lena cuid moltaí (Ráiteas Chlár an LCVP) agus chomhfhoilsíodar iad i 2001.

Cuireadh an clár leasaithe in iúl do scoileanna i gCiorclán M35/01 i mí Lúnasa 2001 agus seoladh an Ráiteas Cláir chuig na scoileanna i mí Dheireadh Fómhair 2001.

Mar chúnamh measúnachta do mhúinteoirí agus do mhic léinn, chuir an dá chomhlacht doiciméad breise le chéile, Treoirlínte Measúnachta Nascmhodúl, ar chóir é a léamh in éineacht leis an Ráiteas Cláir atá luaite thuas (go háirithe leathanaigh 45-54 den Ráiteas atá ag plé le measúnacht).

Seoladh na Treoirlínte Measúnachta seo chuig scoileanna i mí Dheireadh Fómhair 2002 agus is iad atá mar bhonn leis na próisis mheasúnachta ó 2004 ar aghaidh.

Tá athrú ar bith ón mblian seo caite faoi chló *Iodáileach*

An Scrúdú Scríofa: Deimhníonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit (SEC) go mbeidh na comhpháirteanna agus na marcanna éagsúla sa scrúdú scríofa mar a bhíodar cheana ó 2004 ar aghaidh. Is iad sin:

Scrúdú Scríofa	**Marcanna**
Closamharc*	30
Cás-Staidéir	30
Ceisteanna Ginearálta (4 cinn as 6 X 25)	100
Iomlán	**160**

*** Beidh an chuid Chlosamhairc den pháipéar scríofa LCVP á tairiscint ag an gCoimisiún i bhformáid DVD amháin agus ní bheidh an scrúdú sin ar fhíschaiséad,mar a tugadh isteach ó Scrúduithe Stáit 2008 ar aghaidh.**

Pórtfóilió Obair Chúrsa: Tá leasú déanta ar na topaicí agus ar na hualaithe don 240 marc atá le fáil ar an bPórtfóilió Obair Chúrsa ó 2004 ar aghaidh mar seo a leanas:

Cór-Mhíreanna:	**Marcanna**
Curriculum Vitae	25
Fiosrúchán Gairme	40
Tuairisc Achoimre	40
Plean Fiontraíochta/Gnímh	35
	140
Míreanna Roghnacha	
Dhá cheann ar bith (2 x 50)	100
Iomlán	**240**

Is iad na príomhathruithe go bhfuil laghdú 20 marc ar na marcanna iomlána ar Mhíreanna Roghnacha (2 x 50 in áit 2 x 60) agus go bhfuil na Cór-Mhíreanna ardaithe ó 120 go dtí 140 marc. Laistigh de na Cór-Mhíreanna, tá Fiosrúchán Gairme agus Plean Fiontraíochta/Gnímh in áit Litir Fhoirmeálta agus Foirm, agus tá roinnt athruithe ar riar na marcanna.

Treoirlínte do Phórtfóilió

Rianaíonn na treoracha seo riachtanais thábhachtacha don Phórtfóilió Obair Chúrsa sna Nascmhodúil i *2010.*

Roinn 1 - Rianaítear na cór-thopaicí agus na moltaí do gach ceann anseo.

Roinn 2 – Rianaítear gach topaic roghnach agus na moltaí a bhaineann leis anseo.

Roinn 3 – Tugtar comhairle ghinearálta maidir le bunábhar agus creat oibre do na pórtfóiliónna obair chúrsa anseo.

Roinn 4 – Baineann sé seo le gnáthaimh maidir le formáid, doiciméid, iompar agus cúltaca an ábhair atá ar Fhíseán /DVD,ar chaiséad fuaime nó CD fuaime.

Roinn 1: Cór

1. **Curriculum Vitae (Leathanach 24 de na Treoirlínte Measúnachta)**

   Doiciméad focal-phróiseálta is coir a bheith anseo, suas le 2 leathanach A4 ar a mhéid.

2. **Fiosrú Gairme (Leathanach 38 de na Treoirlínte Measúnachta)**

   Doiciméad focal-phróiseálta is cóir a bheith anseo, idir 300 agus 600 focal ar fhad. Ní mholtar aguisíní ar bith a chur leis.

   NÓ

   Féadfaidh an mac léinn agallamh 3 – 5 nóiméad a chur i láthair ar chaiséad fuaime nó ar *CD fuaime* Ba chóir go mbeadh struchtúr faoin agallamh sa chaoi is go mbeidh deis ag mic léinn na critéir mheasúnachta ar fad don fhiosrú gairme a chomhlíonadh. Níl cead ag mic léinn atá ag cur agallamh i láthair aon ábhar breise ar théacs a chur isteach leis an mír seo den phórtfóilió.

3. **Tuairisc Achoimre (Leathanach 47 de na Treoirlínte Measúnachta)**

Doiciméad focal-phróiseálta is coir a bheith anseo, suas le 600 focal ar a mhéad. Ba chóir go mbeadh téarmaí tagartha na tuairisce, nó aidhmeanna na gníomhaíochta, luaite go soiléir. Is féidir eolas i bhfoirm tháblach a chur sa doiciméad ach níltear ag lorg aguisíní ar bith.

4. **Plean Fiontraíochta/Gníomhaíochta (Leathanach 58 de na Treoirlínte Measúnachta)**

Doiciméad focal-phróiseálta idir 300 agus 600 focal atáthar a lorg. Beidh an plean scríofa san aimsir fháistineach, ach mar sin féin ba chóir go léireodh an mac léinn go bhfuil an taighde riachtanach, roghnaithe agus déanta aige/aici, agus go bhfuil roinnt anailíse déanta aige/aici ar an taighde sin.

Roinn 2: Míreanna Roghnacha (Táthar ag iarraidh **dhá** thopaic as na ceithre rogha seo a leanas)

1. **Dialann Thaithí Oibre (Leathanach 70/71 de na Treoirlínte Measúnachta)**

Doicméad focal-phróiseálta nó lámhscríofa is cóir a bheith anseo idir 1000 agus 1500 focal ar fhad, i bhfoirm dhialainne, agus trí iontráil a bhfuil dáta leo eagraithe in ord ama. 2 aguisín ar a mhéid.

2. **Tuairisc Fiontraíochta (Leathanach 93/95 de na Treoirlínte Measúnachta)**
Doiciméad focal-phróiseálta idir 1000 agus 1500 focal ar fhad is cóir a bheith anseo, (gan an leathanach teidil,, an clár agus na haguisíni – 2 cheann ar a mhéid – a chur san áireamh). Ba chóir d'iarrthóirí léaráid amháin ar a laghad a chur isteach (tábla, graf nó fótagraf mar shampla) mar thacaíocht le príomhthorthaí na tuairisce.

Is é fócas Aonaid 4 – Gníomhaíocht Fiontraíochta – 'grúpaí mac léinn a éascú chun a gcuid gníomhaíochtaí fiontraíochta féin a phleanáil, a bhunú agus a rith' (Leathanach 44 den Ráiteas Cláir).
Ní mór d'iarrthóirí a chuireann Tuairisc Fiontraíochta isteach taithí phearsanta a bheith acu ar ghníomhaíocht fhiontraíochta, agus a bheith gafa lena leithéid: i gcás nach amhlaidh atá, ní féidir marcanna a bhronnadh ar an ábhair a bhfuil tuairise air toisc nach gcomhlíonann sé riachtanais an chláir. Bronnfar marcanna cur i láthair áfach, a bhaineann le hábhar: de ghnáth, Cur i láthair/leagan amach, Teideal/clár an ábhair agus Ainm an Údair/síniúchán, suas go dtí uasmhéid 8 marc.

3. **Agallamh/Cur i Láthair Taifeadta (Leathanach 119/120 de na Treoirlínte Measúnachta)**

Físeán nó DVD – 5 nóiméad ar a mhéid in aghaidh an iarrthóra:

Moltar do na "hagallamhóirí":

- Ceisteanna a phleanáil mar bhonn agus mar stiúir leis an agallamh.
- Ceisteanna casta nó débhríocha a sheachaint.
- Ceisteanna 'oscailte' a chur ar an iarrthóir, sa chaoi is go mbeidh deis ag na hiarrthóirí a gcuid tuairimí a nochtadh go soiléir agus de réir a chéile.
- Deis a thabhairt don iarrthóir plé a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí éagsúla a raibh sé/sí féin páirteach iontu mar chuid de na Nascmhodúil.

4. Tuairisc ar 'M'Áit féin' (Leathnach 121/123 de na Treoirlínte Measúnachta)

Doiciméad focal-phróiseálta idir 1000 agus 1500 focal ar fhad is cóir a bheith anseo (gan an leathanach teidil, an clár agus na haguisíní – 2 cheann ar a mhéid – a chur san áireamh). Taifead sainiúil an mhic léinn is cóir a bheith ann ar fhiosrúchán áitiúil a raibh sé/sí féin páirteach ann mar chuid de chlár na Nascmhodúl.

Roinn 3: Pórtfóiliónna

Ábhar na bPórtfóiliónna

- Obair an iarrthóra féin is cóir a bheith sna pórtfóiliónna a chuirtear i láthair le haghaidh measúnachta (é seo dearbhaithe ag an iarrthóir agus ag an múinteoir ranga).

- Ba chóir do mhic léinn ábhar a rinneadh de thoradh gníomhaíochtaí sna Nascmhodúil ina rabhadar páirteach –agus é sin amháin – a chur isteach. Thuairiscigh na scrúdaitheoirí gur chaill iarrthóirí roinnt marcanna toisc gur chuireadar ábhar nár bhain leis an LCVP isteach. Níl glacadh le tionscnaimh a rinneadh le linn chlár agus ábhar eile, mar shampla, san Idirbhliain agus Eacnamaíocht Bhaile.

- Ba chóir an obair phórtfóilió a chur i gcrích i rith am ranga de ghnáth faoi mhaoirseacht an mhúinteoir ranga.

- Is é ról an mhúinteora in ullmhú pórtfóilió ná treoir, tacaíocht agus stiúir a thabhairt.

- Tá cead ag iarrthóirí ábhar a chur i láthair a eascraíonn as obair ghrúpa; i mír an phórtfóilió féin, ámh, ní mór **obair indibhidiúil** an iarrthóra féin a shonrú go soiléir. Tá sé de fhreagracht ar **gach** iarrthóir sa ghrúpa a dheimhniú go gcuirfear a c(h)uid oibre féin i láthair go soiléir.

- Níor chóir níos mó ná sé mhír san iomlán a chur i láthair sa phórtfóilió – mír **amháin** as gach ceann de na cór-réimsí agus mír **amháin** as an roinn roghnach.Treoraítear d'iarrthóirí gan níos mó ná mír **amháin** a chur isteach as gach de na 4 chroí-réimse agus ón dá rogha atá roghnaithe(féach leathanach 20 de na Treoirlínte)

- Caithfidh baint a bheith ag na míreanna pórtfóilió le gníomhaíochtaí éagsúla LCVP. Níor chóir go mbeadh dúblú ar bith ag baint leis an ábhar a chuirtear isteach laistigh de na míreanna éagsúla.

- Sa Chomhpháirt Fiosrúcháin Ghairme,tig le hiarrthóirí riachtanais shonracha ghairme a íoslódáileadh ó shuíomhanna gréasáin nó a baineadh go díreadh as foilseacháin chuí a chur san áireamh ina gcuid pórtfóiliónna.Ceadaítear é seo sa réimse seo amháin toisc go mbíonn an t-eolas an-sainiúil, beacht agus leathdhlíthiúil de ghnáth agus nach furasta é a athscríobh**. I ngach réimse eile ní cheadaítear cóipeáil shonrach ná dhíreach ábhair as foinsí eile ná ó iarrthóirí eile agus gearrfar pionós ar a leithéid a dhéanamh.**

- Iarrtar ar gach iarrthóir, sula gcuireann sé/sí an pórtfóilió isteach, a c(h)uid oibre a sheiceáil le haghaidh earráidí litrithe agus graiméir.

Formáid na bPórtfóiliónna

- Ní mór don iarrthóir a (h)uimhir scrúdaithe a chur ar chumdach an phórtfóilió. Tá sé inghlactha mar ghnás go gcuirfeadh iarrthóir a (h)ainm ar mhíreanna pórtfoilió.

- Ní mór **Clár an Ábhair** a chur le gach pórtóilió a chuirtear isteach le haghaidh scrúdaithe chomh maith le liosta na míreanna a chuirtear isteach le haghaidh measúnachta. Ní mór do na míreanna a chuirtear isteach le haghaidh measúnachta a bheith san ord céanna agus atá siad i bPórtfóilió Scéim Mharcála an LCVP LMMS2. (faoi iamh).

- Ní mór teideal soiléir a bheith ar gach mír den phórtfóilió i.e.Curriculum Vitae; Plean Fiontraíochta/Gníomhaíochta; Fiosrúchán Gairme; Tuarascáil Achomair; Taifead/Log/Dialann; Tuarascáil Fiontraíochta; M'Áit Féin; Agallamh/Cur i Láthair Taifeadta.

- Ba chóir obair phórtfóilió a chur isteach ar phaipéar A4 i bhfillteán agus cumhdach bog air e.g. cumhdaigh bhoga agus ceangal bíseach orthu nó droim phlaisteach.

- Ba chóir imill 1 – 1.5 orlach (2.5 – 3.75 cm) a úsáid.

- **Níor chóir** leathanaigh indibhidiúla a chur faoi chumhdaigh phlaisteacha.

- Moltar do mhic léinn gnáth-aghaidhchló a úsáid (12 pt a mholtar) i gcorp na míreanna pórtfóilió a chuirtear isteach le haghaidh measúnachta.

Pórtfóiliónna agus ábhar eile a choinneáil

- Ní chuirfear ar ais chuig iarrthóirí pórtfóiliónna ná aon ábhar eile a chuirtear isteach le haghaidh an scrúdaithe e.g. CD fuaime,Téipeanna, DVDnna CVnna, Litreacha Tagartha, etc.

Roinn 4: Ábhar le haghaidh Measúnachta ar fhístéip/DVD nó ar théip fuaime/*CD fuaime*

- Ní mór na **Scraith-Bhileoga Físe/DVD agus Fuaime** a chomhlánú agus a chur ar ais leis na fhístéipeanna/**DVD(í)**. Tá spás sonrach anois ar an mbileog d'Uimhir Rolla na Scoile. Ba chóir go mbeadh liosta ar an mbileog seo, san ord taifeadta céanna, a rinneadh ar an fhístéip/DVD**,** d'ainmneacha na n-iarrthóirí chomh maith lena n-uimhreacha scrúdaithe. I gcás go ndearnadh iarrthóir a thaifeadadh ar Fhíseán/DVD ach nár chuir sé/sí pórtfóilió i láthair nó nár shuigh sé/sí don scrúdú scríofa ba chóir don scoil an scéal reatha maidir leis an iarrthóir sin a chur in iúl ar an mbileog seicheamh taobh le hainm an iarrthóra.*Ba chóir an clár bogearraí a úsáideadh chun an DVD a dhó a lua ar an mbileog seichimh.*Ba chóir don mhúinteoir an bhileog seo a shíniú agus a dhátú sa spás atá curtha ar fáil.

- Ní mór ainmneacha agus uimhreacha na n-iarrthóirí a lua go soiléir/a bheith le feiceáil ag tús agus tríd síos gach agallaimh/cur i láthair. (Má tá taifeadadh na n-iarrthóirí eagraithe cheana féin ag comhordaitheoirí do mheasúnacht na Nascmhodúl *i 2010*, ba chóir iarrachtaí sonracha a dhéanamh chun go mbeidh na hainmneacha agus na huimhreacha scrúdaithe atá ar an mBileog Sheichimh Fuaime ag teacht le hord na n-iarrthóirí ar an bhFístéip/DVD a chuirtear isteach.

- Ní mór d'fhístéipeanna a bheith i bhformáid VHS. Is féidir, ina áit sin, agallaimh/cur i láthair a 'ghreanadh' ar dhioscaí DVD a chaithfidh a bheith 'réigiún glan' agus tugtha chun críche le seinnt ar ghnáthsheinnteoirí baile DVD.*Is é an fhormáid DVD –R an meán is comhoiriúnaí agus DVD'nna á ndó.*

- **Ba chóir na téipeanna/dioscaí ar fad a sheoladh ar aghaidh i gclúdaigh/cásanna cosanta agus i gclúdaigh stuáilt chun na sonraí taifeadta a choinneáil slán.**

- Má úsáidtear ceamthaifeadáin sa scoil, ní mór na téipeanna seo a aistriú go dtí formáid VHS nó DVD sula seoltar iad isteach go dtí Coimisiún na Scrúduithe Stáit. **Níl** téipeanna ceamhthaifeadán inghlactha agus seolfar iad ar ais chuig na scoileanna gan iad a mharcáil.

- Tarlaíonn gach bliain nach féidir le scrúdaitheoirí fístéipeanna a chur ar siúl: ní dhéantar cuid díobh a thaifeadadh i gceart nó bíonn siad i bhformáid neamhchaighdeánach; déantar dmáiste do chuid eile díobh ar an mbealach go dtí an Coimisiún. I gcásanna dá leithéid *i 2010* agus ina dhiaidh sin, seolfar an t-ábhar lochtach ar ais chuig an scoil/coláiste toisc nach féidir é a mharcáil.Sna cásanna dá leithéid iarrtar ar an húdarais Scoile cóip den téip/diosca chúltaca a chuir ar aighaidh go dtí an SEC láithreach.. Ar an scoil atá an fhreagracht, mar sin, a dheimhniú go bhfuil na meáin inléite agus inrochtana. Tá sé riachtanach freisin go ndéanfar fístéipeanna a chosaint agus a phacáistiú slán sábháilte sa chéad áit.

- Iarrtar ar scoileanna téipeanna/dioscaí nua a úsáid chun agallaimh/cur i láthair na n-iarrthóirí a thaifeadadh. Deimhneoidh sé seo nach gcuirfear agallamh/cur i láthair iarrthóra ar bith as a riocht de dheasca taifeadtaí atá déanta cheana féin.

- Ba chóir do scoileanna a oiread agallamh/cur i láthair lena mhéid iarrthóirí agus is féidir a chur ar gach fístéipeanna/DVD

- Ba chóir gach fístéipeanna/DVD a lipéadú agus a uimhriú le huimhir rolla agus le hainm na scoile. Ba chóir an Bhileog Sheichimh a bhaineann le hábhar a chur isteach leis an fístéipeanna/DVD

- Sula gcuirtear an fístéipeanna/DVD isteach ba chóir don mhúinteoir/chomhordaitheoir a dheimhniú gur dearnadh taifeadadh soiléir ar gach agallamh/cur i láthair agus go bhfuil na doiciméid comhlánaithe agus cruinn.

- *Tá seicliosta curtha ar fáil mar chúnamh agus DVD'nna á gcur isteach.*

- Má chuireann iarrthóir agallamh taifeadta i láthair ach mura ndéanann sé/sí scrúdú scríofa an LCVP nó mura gcuireann sé/sí pórtfóilió iomlán i láthair,déanfar toradh mírathúil a thaifeadadh agus a ghlacadh ina c(h)oinne.

- **<u>Moltar go ndéanfadh gach scoil 3 chóip den Fhíseán/DVD,agus gur chóir dhá cheann díobh sin a chur faoi bhráid Choimisiún na Scrúduithe Stáit agus ceann amháin a choimeád mar chúltaca a mbeadh teacht air go saoráideach dá mbeadh sé sin á lorg ag an Coimisiún na Scrúduithe Stáit i gcaitheamh mhí an Mheithimh.</u>**

2. Ceisteanna Sláine

Ní mór a thuiscint gurb í obair indibhidiúil an iarrthóra féin amháin **<u>a chaithfidh</u>** a bheith sna pórtfóiliónna a chuirtear isteach le haghaidh measúnachta.

Ní mór a dheimhniú go huile is go hiomlán go ndéantar cosaint ar shláine an phróiseas scrúdaithe i gcásanna ina n-oibríonn iarrthóirí i dteannta a chéile ar ghné éigin de phórtfóilió a ullmhú e.g. an Tuairisc Achoimre. Tá sé iomlán riachtanach gurb é iarracht indibhidiúil an iarrthóra féin atá in ábhar an phórtfóilió. Maidir leis seo, ba chóir glacadh leis an ábhar eiseamláireach sna Treoirlínte Measúnachta agus in áiteanna eile mar threoir don stíl seachas treoir don ábhar.

Le linn phróiseas na marcála i *2009*, shonraigh na scrúdaitheoirí roinnt ionad ina raibh cosúlacht chomh mór sin idir obair na n-iarrthóirí a cuireadh i gcrích go raibh amhras ann i dtaobh cóipeála. De thoradh fiosrúcháin, coinníodh siar torthaí roinnt mac léinn. I dtromlach na gcásanna, chuir iarrthóirí freagraí i láthair a bhí cosúil le ceann amháin, nó le gach toradh san ionad, agus bhí, uaireanta, na hearráidí céanna litrithe agus gramadaí iontu. Tharla i roinnt cásanna go raibh an t-ábhar sa phórtfóilió bunaithe rómhór ar fad ar eiseamláirí a foilsíodh sna Treoirlínte Measúnachta.

Tugtar an chomhairle ghinearálta seo a leanas sna Treoirlínte Measúnachta (Leathanach 21/22).

- **Bunobair** an mhicléinn féin is cóir a bheith i ngach mír den phórtfóilió a chuirtear i láthair.
- Níl glacadh ar bith le hábhar a dhéantar a íoslódáil ó shuíomhanna gréasáin nó a chóipeáltar ó fhoinsí eile.

Lena chois sin, tugann na Treoirlínte an treoir shainiúil seo a leanas:

'Obair Ghrúpa': Tá cead ag mic léinn oibriú mar chuid de ghrúpa chun plean do ghníomhaíocht ar leith a fhorbairt. I gcásanna dá leithéid, áfach, ní mór do gach ball den ghrúpa a p(h)lean bunaidh féin a chur isteach. Ba chóir **ionchur indibhidiúil** an mhic léinn i ngnéithe éagsúla den phlean a shonrú go soiléir'. (Leathanach 58)

'Tuairisc Fiontraíochta': Déan cur sios agus luacháil ar an ionchur pearsanta sa ghníomhaíocht seo. (Leathanach 93) Luacháil: Ba chóir go n-áireofaí anseo luacháil ar obair an ghrúpa agus, muna ndéantar plé ar leith leis, luacháil ar an obair phearsanta'. (Leathanach 95)

'Tuairisc ar 'M'Áit Féin': Is féidir an tuairisc a bhunú ar fhiosrúchán amháin a raibh an mac léinn agus a rang nó a g(h)rúpa gafa leis ar feadh tréimhse ama, nó roinnt imeachtaí a thit amach i mbabhtaí i gcaitheamh an dá bhliain de na Nascmhodúil. Critéir Mheasúnachta: Déan cur síos agus luacháil ar an ionchur pearsanta san fhiosrúchán'. (Leathanach 121)

3. Gnáthaimh Scrúdaithe

Tá sé fíorthábhachtach go gcloífeadh na hiarrthóiri leis na treoirlínte faoi iamh maidir le hullmhúchán agus tarchur na bpórtfóiliónna,agallamha DVD/Físeán,CD'nna fuaime agus téipeanna fuaime.

Eiseofar mioneolas maidir le cur i gcrích na bpórtfóiliónna, dátaí agus gnáthaimh chun iad a chur faoi bhráid Choimisiún na Scrúduithe Stáit níos deireanaí sa scoilbhliain.

4. Deimhniú na dTeastas

Bronntar na teastais chéanna ar iarrthóirí do Chlár Gairme na hArdteistiméireachta agus a bhronntar ar iarrthóirí Ardteistiméireachta eile.

Cuirtear ráiteas ar fáil i rannóg na dtorthaí den Ardteistiméireacht a chuireann an ghnóthachtáil sna Nascmhodúil in iúl.

Seasann na grádanna do na Nascmhodúil mar seo a leanas:

Pas	50% - 64%
Pas le Gradam	65% - 79%
Pas le hArdghradam	80% - 100%

5. Iarrthóirí Athuaire

Tá dhá bhliain iomlána staidéir, gníomhaíochta agus ullmhúchán pórtfóilió i gceist leis na Nascmhodúil laistigh den LCVP. Dá bhrí sin, ní féidir gné an phórtfóilió a chur i gcrích in imeacht bliana. Dá bhrí sin, ní ceadmhach d'iarrthóirí atá ag déanamh na hArdteistiméireachta bunaithe *i 2010* na Nascmhodúil a dhéanamh den chéad uair. **Tá foirm iontrála ar leith faoi iamh le comhlánú ar son na n-iarrthóirí sin atá ag déanamh an LCVP an athuair, agus ba chóir í a chur ar ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit faoi *19 Feabhra 2010.***

Ní gá pórtfóiliónna nua ná leasaithe ná ní ghlacfar leo.

Ní mór d'iarrthóirí atá ag déanamh an LCVP an athuair i *2010* an scrúdú scríofa a dhéanamh arís: tabharfar na marcanna a gnóthaíodh ar mheasúnacht phórtfóilió i *2009* ar aghaidh agus áireofar iad leis an marc a ghnóthófar ar an gcomhpháirt scríofa i *2010.*

Ceadaítear d'iarrthóirí atá ag déanamh bliain 1 den Ardteistiméireacht bhunaithe an athuair an LCVP a dhéanamh, i gcás go gcomhlíonann siad na coinníollacha a bhaineann leis an ngnáthchlár 2 bhliain.

6. Ciorclaíocht

Iarrtar ar na húdaráis scoile an t-eolas seo a chur faoi bhráid iarrthóirí, mhúinteoirí agus ionadaithe tuismitheoirí agus é a thabhairt do na comhordnaitheoir(í) LCVP scoile.

Ba chóir ceist ar bith a bhaineann le hábhar an chiorcláin, leis na treoirlínte nó le gné ar bith eile de riarachán an LCVP, a chur go dtí an Rannóg na Scrúduithe Praiticiúla, Coimisiún na Scrúduithe Stáit, Cor na Madadh, Baile Átha Luain, Contae na hIarmhí.

Uimhreacha Teileafóin: 090 644 2746/2825
Ríomhphost: info@examinations.ie
Faics: 090 6473080

Tá cóipeanna den chiorclán seo agus de na treoirlínte atá ag gabháil leis le fail ar shuíomh gréasáin an SEC Web – www.examinations.ie

Larry Heduan
Oifigeach Feidhmiúcháin
Mí Eanáir, 2010